Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11131/26**

**ECOFIN 921**
**UEM 325**
**SOC 450**
**EMPL 252**
**COMPET 865**
**ENV 841**
**EDUC 307**
**ENER 463**
**JAI 901**
**GENDER 138**
**JEUN 181**
**SAN 539**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hÍsiltíre |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 219 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hÍsiltíre**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

---

1 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

2 Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj).

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin.

(2) An 25 Samhain 2025 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na hÍsiltíre 2026. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil a shainaithin go bhfuil an Ísiltír ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[3] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhonn eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh, agus áirítear leis go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, rud fhágann go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

3 IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(4) In 2026, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[4]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 le haghaidh na hÍsiltíre. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Ísiltír ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an Ísiltír. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na hÍsiltíre ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú an eisiata shóisialta agus na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

[4] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an Ísiltír faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne foireann an Choimisiúin chun críoch an Rialacháin sin, ar measúnú é ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha atá ann i gcás na hÍsiltíre, foilsíodh iad an 20 Bealtaine 2026[5]. An 3 Meitheamh 2026, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ag an Ísiltír. Go sonrach, maidir le leochaileachtaí a bhaineann le leibhéil arda fiachais teaghlaigh, leis an margadh tithíochta, agus leis an mbarrachas mór sa chuntas reatha, bhí siad ann le blianta anuas ach tá laghdú tagtha orthu le déanaí. Tháinig laghdú beag ar bharrachas mór an chuntais reatha le déanaí agus tá cuid de struchtúrach, toisc go ngníomhaíonn an Ísiltír mar phríomh-mhol trádála Eorpach agus go bhfuil go leor fiontar ilnáisiúnta lonnaithe inti. I gcomhthreo, ó thaobh coigiltis-infheistíochta de, léiríonn an titim sa bharrachas gurb é an t-éileamh intíre is mó a chuir le fíorfhás OTI le déanaí agus gur fhás an t-éileamh níos tapúla ná sa chuid eile den limistéar euro, bíodh is gur tháinig sé ó leibhéil níos ísle. Ní thuartar go dtiocfaidh méadú ar bharrachas an chuntais reatha i mbliana ná an bhliain seo chugainn. Leanann an fás i bpraghsanna tithe go feiceálach agus soláthar tithíochta laghdaithe ann. In 2025 tháinig laghdú arís ar fhiachas teaghlaigh mar sciar de OTI, cé go raibh an laghdú sin níos moille ná mar a bhí roimhe sin, de réir mar a tháinig méadú ar iasachtaíocht le rátaí úis níos ísle. D’fhéadfadh fiachas teaghlaigh cobhsú sna blianta amach romhainn, de réir mar a mhaolaítear na rioscaí a bhaineann le fiachas ard teaghlaigh go páirteach trí leitheadúlacht morgáistí ar ráta seasta. Rinneadh roinnt beart beartais chun an soláthar tithíochta a mhéadú, agus d’fhéadfadh an clár oibre infheistíochta rialtais is déanaí, lena n-áirítear i dtithíocht, cuidiú leis an mbarrachas sa chuntas reatha a laghdú sa mheántéarma. Ag féachaint chun cinn, dá méadófaí an soláthar tithíochta go héifeachtach agus dá rachfaí i ngleic le dreasachtaí cánach atá fabhrach do cheannach tithe arna maoiniú ag fiachas, d’fhéadfaí praghsanna tithe a mhaolú agus fiachas teaghlaigh a laghdú ar bhealach marthanach agus, an tráth céanna, le borradh a chur faoin infheistíocht intíre, chuideofaí leis an mbarrachas sa chuntas reatha a laghdú a thuilleadh. Leis an Seimeastar Eorpach, cuirfear creat ar fáil chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hathchóirithe tithíochta.

[5] SWD(2026) 140 final.

(7) An [dáta], tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hÍsiltíre ó Aibreán 2026[6]. Cuireadh an plean isteach de bhun Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, cumhdaíonn sé an tréimhse ó 2026 go 2030 agus cuireann sé i láthair coigeartú fioscach thar 4 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 4,7 % in 2026, 3,5 % in 2027, 3,1 % in 2028, 3,5 % in 2029 agus 3,7 % in 2030, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2025, mar atá 4,7 % in 2026, 8,4 % in 2027, 11,7 % in 2028, 15,6 % in 2029 agus 19,9 % in 2030. Cuirtear an moladh seo in ionad Mholadh an 21 Eanáir 2025[7]. Mar sin féin, na huasrátaí fáis glanchaiteachais a socraíodh ann le haghaidh na bliana 2025, is é sin 3,5 % go bliantúil agus 10,4 % go carnach faoi threoir na bonnbhliana 2023, tá siad fós ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht go dtí 2025 agus an bhliain sin san áireamh.

(8) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[8] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go fóill, tráth ar bith go dtí 2028, go ndéanfaí an clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú má chomhlíonann siad na critéir a shocraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1263.

---

6 Moladh ón gComhairle an [dáta] lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hÍsiltíre ó mhí Aibreáin 2026 (IO [IO: cuir isteach na tagairtí IO de réir mar is cuí]).

7 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena leagtar síos conair ghlanchaiteachais na hÍsiltíre (IO C, C/2025/648, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/648/oj).

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, an 19 Márta 2025, C(2025) 2000 final.

(9) An 14 Aibreán 2026, chuir an Ísiltír a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn[9] don bhliain 2026 isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na hÍsiltíre i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(10) In 2025, ba é 1,8 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 3,3 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 1,0 % in 2026 agus faoi 1,1 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 3,2 % ann in 2026 agus 2,5 % in 2027.

(11) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[10], tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na hÍsiltíre ó easnamh 0,7 % de OTI in 2024 go heasnamh 1,6 % de OTI in 2025. Léiríonn an méadú ar an easnamh in 2025 den chuid is mó caiteachas reatha agus infheistíocht phoiblí atá ag dul i méid, agus ciorruithe struchtúracha ar cháin ioncaim phearsanta. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 2,5 % de OTI in 2026 agus 1,9 % de OTI in 2027. Léiríonn an méadú ar an easnamh in 2026 den chuid is mó an éifeacht shealadach atá ag athchóiriú ar an gcóras pinsin mhíleata lena n-éilítear aistriú thart ar 0,7 % de OTI ón rialtas chuig ciste pinsin príobháideach.

---

[9] Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

[10] Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

(12) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[11], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2025, mar atá 0,8 % de OTI. Réamh-mheastar go bhfanfaidh sí neodrach den chuid is mó in 2026 agus 2027 araon.

(13) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[12], tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta na hÍsiltíre ó 43,8 % de OTI ag deireadh 2024 go 44,4 % de OTI ag deireadh 2025. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go méadóidh an cóimheas fiachais-OTI go 46,9 % faoi dheireadh 2026 agus go bhfanfaidh sé cobhsaí den chuid is mó ag 47,0 % faoi dheireadh 2027. Léiríonn an méadú in 2026 den chuid is mó iasachtaí do TenneT, oibreoir córais tarchurtha leictreachais na hÍsiltíre, agus do EBN, an chuideachta fuinnimh stáit.

(14) Ar bhonn sonraí ó Eurostat[13], 1,7 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na hÍsiltíre ar chosaint in 2025. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é 1,9 % de OTI a bheidh sa chaiteachas sin in 2026[14].

---

**11** Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

**12** Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

**13** Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

**14** Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.

(15) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá bearta beartais fhioscaigh glactha ag an Ísiltír chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú[15]. Áirítear orthu sin ciste fuinnimh éigeandála atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do na teaghlaigh is leochailí a bhfuil billí arda fuinnimh acu le linn gheimhreadh 2026-2027, méadú buan ar an liúntas taistil saor ó cháin, agus laghduithe spriocdhírithe ar an ráta cánach ar mhótarfheithiclí le haghaidh veaineanna seachadta agus trucailí don bhliain 2026. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gur lú ná 0,1 % de OTI a bheidh i gcostas fioscach na mbeart sin in 2026.

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d'fhás an glanchaiteachas san Ísiltír faoi 7,2 % in 2025 agus is fás carnach 10,6 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2025 os cionn an uasráta fáis a mhol an Chomhairle i mí Eanáir 2025, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,5 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholadh freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,0 % de OTI i dtéarmaí carnacha.

---

15 Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

(17) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, tá sé tuartha go dtiocfaidh méadú 4,9 % ar ghlanchaiteachas san Ísiltír in 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a mhol an Chomhairle i [dáta], ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,1 % de OTI i dtéarmaí bliantúla.

(18) Caitheann córas cánachais ioncaim phríobháidigh na hÍsiltíre le sócmhainní áirithe ar bhealach éagsúil leis an gcuid eile, rud a dhéanann difear do leithdháileadh caipitil agus cinntí eacnamaíocha. Go háirithe, le hasbhaintí úis morgáiste – in éineacht leis an gcánachas cíosa barúlach íseal – cruthaítear claontacht fhioscach láidir i dtreo infheistíocht a dhéanamh i dtithíocht, a mhaoinítear le fiachas go minic, maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i scaireanna agus i mbannaí. Ina theannta sin, leathnaítear cóireáil fhabhrach cánach chuig ranníocaíochtaí pinsin agus sócmhainní arna sealbhú i gcuideachtaí atá i ndlúthsheilbh ar cuideachtaí iad nach bhfuil ach líon beag daoine aonair ina n-úinéirí ar fhormhór a scaireanna. Idir an dá linn, gearrtar cáin ar ioncam teaghlaigh ó choigilteas agus infheistíochtaí ag rátaí toraidh toimhdithe – seachas ag rátaí toraidh iarbhír – cleachtas a d’fhéadfadh timthriallta eacnamaíocha a mhéadú mura rianaíonn na rátaí torthaí iarbhír. Thosaigh an rialtas ag féachaint ar aistriú chuig cáin ar fhás caipitil, agus d’fhéadfadh sé go mbeidh sin bainte amach faoi 2028. Trí athchóirithe a chur chun feidhme lena laghdaítear an chóireáil mhíchothrom cánach sin – laistigh de chineálacha sócmhainní agus ar fud na gcineálacha sin araon – laghdófar deiseanna le haghaidh arbatráiste cánach, feabhsófar an córas cánach mar chobhsaitheoir uathoibríoch, maolófar neamhionannais eacnamaíocha, agus cuirfear leithdháileadh caipitil níos éifeachtúla chun cinn. I bhfianaise an róil atá aige maidir le féichiúnas ard teaghlaigh a spreagadh, tá sé ábhartha freisin an chóir chánach éagothrom a ísliú chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.

(19) I dteannta na ndreasachtaí cánach a luaitear thuas, tá ró-luacháil sa mhargadh tithíochta spreagtha ag freagrúlacht theoranta an tsoláthair teaghaisí nua d'éileamh láidir arna spreagadh ag fás daonra agus teaghlaigh atá ag éirí níos lú. Réamh-mheastar go mbeidh ganntanas tithíochta níos mó ná 400 000 teaghais ann in 2025[16]. Chun an soláthar tithíochta a mhéadú trí dheireadh a chur leis na príomhbhacainní atá ag cur bac ar thógáil faoi láthair, d'fhéadfadh an rialtas a phleananna a chur chun cinn chun na próisis phleanála agus cheadaithe a chuíchóiriú, ar próisis iad a thógann suas le 6-7 mbliana ar an meán chun iad a thabhairt chun críche, chomh maith leis an rialachán tógála a shimpliú. Ina theannta sin, d'fhéadfaí níos mó talún a chur ar fáil chun teaghaisí nua a thógáil. Tá roinnt scrogaill eile ann a chuireann bac ar dhul chun cinn, lena n-áirítear ganntanas lucht saothair, agus srianta ar thógáil a bhaineann le deascadh iomarcach nítrigine agus plódú iomarcach eangaí leictreachais. Tá sé ábhartha an soláthar tithíochta a mhéadú chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a mhaolú.

(20) Tá dúshláin shuntasacha inacmhainneachta agus infhaighteachta ag baint leis an margadh cíosa príobháideach tearcfhorbartha san Ísiltír, agus ardaíonn sé riosca na bochtaineachta do theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam. Cé gur thug bearta beartais a rinneadh le déanaí, amhail síneadh a chur le cíosanna rialáilte, faoiseamh do roinnt tionóntaí, rannchuidigh siad freisin – in éineacht le rátaí úis níos airde agus athruithe cánach – le stoc cíosa atá ag laghdú. Is iad tiarnaí talún a dhíolann réadmhaoin le húinéirí-áititheoirí is cúis leis an treocht sin, rud a laghdaíonn infhaighteacht cíosa a thuilleadh, agus tháinig méadú ar chíosanna d'aonaid os cionn na caidhpe praghais. Chun fás a spreagadh san earnáil cíosa phríobháideach, d'fhéadfaí infheistíochtaí sa mhargadh cíosa príobháideach a dhéanamh níos tarraingtí trí chíosanna rialáilte a athchalabrú níos mó i gcomhréir le luachálacha maoine, agus filleadh ar chíosanna iomarcacha á sheachaint an tráth céanna. Le hathchalabrú cothrom den sórt sin, d'fhéadfaí cuidiú leis an soláthar foriomlán tithíochta a mhéadú agus le dreasachtaí a laghdú chun fiachas morgáiste a ghlacadh ar láimh chun teach a cheannach, rud a thacódh, dá réir sin, le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a mhaolú.

---

16 Bunaithe ar ríomhanna agus réamhaisnéis an Choimisiúin Eorpaigh agus an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Balouktsi et al. (2026) *Housing investment needs in the EU*. JRC Technical Report 144419.

(21) Tá dúshláin shuntasacha roimh chóras cúraim fhadtéarmaigh na hÍsiltíre mar gheall ar dhaonra atá ag dul in aois, cúram institiúideach costasach agus cumhdach flaithiúil na gcleithiúnaithe. Éiríonn go maith leis an Ísiltír i gcomparáid le formhór na mBallstát ó thaobh leordhóthanachta, infhaighteachta agus cáilíocht an chórais cúraim fhadtéarmaigh de, chomh maith le méid an lucht saothair sa réimse sin. Mar sin féin, tá an córas ag cur brú ar bhuiséad an rialtais níos mó agus níos mó. In 2022, 3,8 % de OTI a bhí sa chaiteachas iomlán ar chúram fadtéarmach san Ísiltír, an luach is airde san Aontas, agus meastar go dtiocfaidh méadú air go 5,7 % de OTI faoi 2070 de réir Thuarascáil 2024 ón gCoimisiún maidir le hAosú. D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta chun aghaidh a thabhairt ar an méadú sin comhíocaíochtaí, i.e. ranníocaíochtaí dílse ó othair, a ailíniú le costas an chúraim a fhaigheann siad thar chineálacha éagsúla sochar. D'oibreodh an córas ar bhealach ní b'éifeachtúla ó thaobh costais de dá gcinnfeadh othair a rogha maidir le socrú cúraim bunaithe ar a riachtanais chúraim aonair, seachas socrú a roghnú a d'íoslaghdódh a gcomhíocaíochtaí. Tá iarrachtaí i gcomhaontú comhghuaillíochta an rialtais inteachta chun feabhas a chur ar chost-éifeachtúlacht, lena n-áirítear coigilteas struchtúrach de thart ar 0,2 % de OTI a bhaint amach sa téarma reatha. D'fhéadfaí cuidiú le costais a laghdú ach infheistíochtaí breise a dhéanamh sa chosc chun moill a chur ar thús na riachtanas cúraim fhadtéarmaigh, agus soláthar cúraim phobalbhunaithe a fheabhsú a thuilleadh. D'fhéadfaí a áirithiú leis na feabhsuithe sin go ndéanfaí tairbhí an chórais a leithdháileadh ar bhealach ní b'éifeachtúla gan dochar a dhéanamh d'ardchumhdach agus d'ardcháilíocht an chórais.

(22) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(23) San Ísiltír, an luas atá faoi chur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, rud a chuimsíonn tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), is luas é atá chun tosaigh ar mheánluas cur chun feidhme an Aontais i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach an dlús atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun, agus tionchar na n-infheistíochtaí ar an láthair a uasmhéadú an tráth céanna. Tá an Ísiltír ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an Ísiltír ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[17], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a chur in úsáid go tapa agus go héifeachtach.

(24) Tá roinnt dúshlán roimh an Ísiltír a bhaineann le hinfheistíocht neamhleor sa taighde agus sa nuálaíocht agus rochtain theoranta ar mhaoiniú do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, spleáchas leanúnach ar bhreoslaí iontaise in éineacht le scrogaill bonneagair eangaí leictreachais, deighilt mhargadh an tsaothair, agus ganntanais saothair agus scileanna, lena n-áirítear gnóthachtáil íseal bunscileanna agus tearc-rannpháirtíocht i réimsí ETIM, go háirithe i measc grúpaí faoi ghannionadaíocht.

[17] Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(25) Tairbhíonn éiceachóras nuálaíochta na hÍsiltíre de chreatdálaí láidre taighde agus nuálaíochta, ach tá déine T&F poiblí fós faoi bhun mheán an Aontais agus tá déine T&F phríobháideach ag titim chun deiridh ar na tíortha is fearr feidhmíocht san Aontas (an tSualainn, an Danmhairg agus an Fhionlainn) agus ar cheannairí nuálaíochta domhanda amhail na Stáit Aontaithe. Tá baol ann go dtiocfaidh tuilleadh moille ar an dul chun cinn maidir le T&F mura dtabharfar aghaidh ar na bearnaí sin. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, d'fhógair rialtas na hÍsiltíre Plean Gníomhaíochta chun an sprioc 3 % de OTI maidir le hinfheistíocht T&F a bhaint amach faoi 2030, lena n-áirítear tionscnaimh bheartais amhail Gníomhaireacht Náisiúnta um Nuálaíocht Shuaiteach a chruthú, beartas tionsclaíoch athbhreithnithe i bpríomhearnálacha amhail leathsheoltóirí nó biteicneolaíocht, agus tacú le braislí nuálaíochta réigiúnacha. Mar sin féin, tá cur chun feidhme na mbeart sin fós ag céim luath. Tá sé ríthábhachtach comhleanúnachas a áirithiú ar fud na dtionscnamh sin agus na Straitéise Náisiúnta Teicneolaíochta atá ann cheana chun ilroinnt beartais a sheachaint agus chun a n-éifeachtacht a uasmhéadú. Trí thacaíocht phoiblí don nuálaíocht a neartú, is féidir cuidiú le borradh a chur faoi thimpeallacht na nuálaíochta, fás táirgiúlachta a spreagadh agus seasamh na hÍsiltíre mar cheannaire nuálaíochta Eorpach a chothú.

(26) D'ainneoin ceann de na margaí caipitil fiontair is doimhne san Aontas Eorpach a bheith acu, tá deacrachtaí ag roinnt gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú san Ísiltír rochtain a fháil ar chistiú. Go háirithe, bíonn srianta ar ghnólachtaí nuathionscanta ag an gcéim réamhshíl agus bíonn deacrachtaí acu ina dhiaidh sin uas-scálú rathúil a bhaint amach. Mar gheall ar ghanntanas caipitil fiontair ag céim dhéanach, bíonn ar chuideachtaí nuálacha Ollannacha maoiniú nó athlonnú thar lear a lorg, rud a chuireann teorainn le cumas na hÍsiltíre gnólachtaí nuathionscanta a fhás ina ngníomhaithe móra margaidh. Go dtí seo, bhí acmhainní airgeadais sách teoranta i gceist le tacaíocht phoiblí do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú agus bhí easpa intuarthachta ann. D'fhógair rialtas na hÍsiltíre go mbunófaí Institiúid Náisiúnta Infheistíochta lena ndíreofar ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí atá i mbun fáis, agus meastar go mbeidh sí oibríochtúil in 2028. Mar sin féin, beidh cur chun feidhme éifeachtach agus faireachán leanúnach ríthábhachtach. Mura dtugtar aghaidh ar an mbearna chistiúcháin, d'fhéadfadh sí bac a chur ar an nuálaíocht agus ar an iomaíochas fadtéarmach, ós rud é gur gnách go léiríonn gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú fás táirgiúlachta níos airde ná gnólachtaí nua eile. Chomh maith le rochtain ar mhaoiniú, tá ról tábhachtach ag an timpeallacht ghnó fhoriomlán freisin maidir le tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú. Is féidir le castacht rialála, ualach riaracháin agus éiginnteachtaí sa chreat cánach cur isteach ar chumas gnólachtaí nuálaíocht agus scála a dhéanamh. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, d'fhéadfadh an Ísiltír tairbhe a bhaint as úsáid ionstraimí maoiniúcháin a leathnú, amhail ráthaíochtaí agus struchtúir ciste cistí, chun caipiteal a shlógadh agus infheisteoirí institiúideacha a mhealladh. D'fhéadfadh an institiúid infheistíochta náisiúnta cabhrú freisin le hintuarthacht beartais a áirithiú agus ilroinnt a laghdú.

(27) Tá gníomhaíocht nuálaíochta san Ísiltír comhchruinnithe go mór i ngnólachtaí móra seanbhunaithe, agus is iad na trí chuideachta is mó a rinne thart ar an gceathrú cuid den infheistíocht iomlán T&F in 2023, agus ní rannchuidíonn cuideachtaí óga agus beaga ach ar bhonn teoranta. Cé go bhfuil leibhéil réasúnta ard digitithe ann i measc FBManna na hÍsiltíre, tá bearna shuntasach fós ann idir gnólachtaí beaga agus móra maidir le glacadh ardteicneolaíochtaí, amhail an intleacht shaorga agus an néalríomhaireacht. Mar thoradh air sin, is iad na gnólachtaí atá ann faoi láthair is mó a spreagann fás táirgiúlachta, agus tá méadú ag teacht ar éagothromaíochtaí idir gnólachtaí laistigh de na hearnálacha céanna. D'fhéadfadh fás táirgiúlachta a bheith ann trí dhigitiú agus nuálaíocht bhreise i measc FBManna. D'fhógair rialtas na hÍsiltíre athbhreithniú ar scéim asbhainte cánach T&F chun í a shimpliú agus chun a raon feidhme a leathnú, agus é mar aidhm leis sin gnólachtaí níos lú agus níos nuaí a dhreasú chun dul i mbun gníomhaíochtaí T&F. Chun aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar na dúshláin sin, d'fhéadfadh an Ísiltír meascán de bhearta fioscacha agus neamhfhioscacha a chur chun feidhme, amhail dearbháin agus deontais maidir le glacadh digiteach, dreasachtaí cánach le haghaidh infheistíochtaí in ardteicneolaíochtaí agus oiliúint shaincheaptha chun borradh a chur faoi scileanna digiteacha, chun glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn agus chun an acmhainneacht nuálaíochta a neartú, go háirithe i measc FBManna.

(28) Tá an Ísiltír fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise, cé go bhfuil leibhéal na bhfoinsí in-athnuaite sa mheascán leictreachais san Ísiltír os cionn mheán an Aontais. Cé gur cuireadh dlús le rolladh amach foinsí fuinnimh in-athnuaite in 2024, is beag dul chun cinn a rinne an Ísiltír in 2025 maidir le rolladh amach foinsí fuinnimh in-athnuaite, i bpáirt mar gheall ar phlódú eangaí, costais mhéadaitheacha i slabhraí soláthair gaoithe amach ón gcósta agus éileamh leictreachais níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ón tionscal. An tráth céanna, tháinig méadú ar an tomhaltas fuinnimh deiridh foriomlán in 2024 i gcomparáid le 2023, rud a d'aisiompaigh an laghdú a baineadh amach ó bhí 2019 ann, d'ainneoin laghdú ar an tomhaltas fuinnimh deiridh foriomlán san earnáil chónaithe. Fágann sé sin go bhfuil geilleagar na hÍsiltíre leochaileach d'fhorbairtí praghsanna domhanda agus cuireann sé bac ar an aistriú chuig geilleagar glas. Dá bhrí sin, tá gá le hiarrachtaí breise chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú san Ísiltír, lena n-áirítear i bhfoirgnimh agus i bpróisis thionsclaíocha. D'fhéadfaí a áireamh leis sin bearta chun rioscaí airgeadais a laghdú san earnáil gaoithe amach ón gcósta chun tarraingteacht na n-infheistíochtaí san earnáil a choinneáil ar bun.

(29) Tá plódú na heangaí leictreachais ag dul in olcas i gcónaí, rud a dhéanann difear do limistéir thuaithe agus uirbeacha araon, agus do na gréasáin tarchuir agus dáileacháin araon. Cuireann sé sin bac ar an aistriú chuig fuinneamh glan, cuireann sé srian ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, agus baineann sé an bonn d'iomaíochas na hÍsiltíre. Tá aghaidh á tabhairt ar phlódú eangaí trí mheascán d'infheistíochtaí méadaitheacha i dtionscnaimh eangaí agus rialála, lena n-áirítear an tAcht Fuinnimh nua. D'ainneoin na ngníomhaíochtaí sin, leanfaidh plódú eangaí de bheith ina dhúshlán mór sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, rud a éilíonn aird agus gníomhaíocht leanúnach. D'fhéadfadh an Ísiltír tairbhe a bhaint as acmhainneacht a heangaí tarchurtha agus dáileacháin a mhéadú, as réitigh maidir le soláthar agus éileamh solúbtha leictreachais a chur chun feidhme agus a dhreasú, as trádáil leictreachais traschreasach a uasmhéadú thar an mbonneagar trasteorann atá ann cheana agus as nósanna imeachta um cheadú eangaí a shimpliú a thuilleadh.

(30) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimsí na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an Ísiltír in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(31) Tá leibhéil iomarcacha de shil-leagan nítrigine, a eascraíonn go príomha, ach ní go heisiach, as earnáil na diantalmhaíochta, fós ina ndúshlán suntasach comhshaoil a bhfuil tionchar aige ar gheilleagar na hÍsiltíre i gcoitinne. Bíonn ró-leasú agus aigéadú ithreach agus dobharlach mar thoradh ar dheascadh iomarcach nítrigine, agus ag an am céanna cuireann sé srianta suntasacha ar cheadú gníomhaíochtaí foirgníochta. Is ábhar imní fós é cáilíocht an uisce dromchla agus an screamhuisce. Tá gá le bearta nithiúla a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt go struchtúrach ar shil-leagan iomarcach nítrigine arna dhéanamh ag na hearnálacha astaithe agus chun aistriú chuig talmhaíocht inbhuanaithe a spreagadh, lena n-áirítear an fheirmeoireacht orgánach. Go háirithe, d'fhéadfadh an Ísiltír tairbhe a bhaint as cleachtais feirmeoireachta a ghlacadh arb é is aidhm dóibh truailliú cothaitheach agus lotnaidicídí agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

(32) Tá sciar na fostaíochta solúbtha sa mhargadh saothair, lena n-áirítear oibrithe ar chonarthaí sealadacha agus daoine féinfhostaithe araon, fós ard ag 35,4 % san Ísiltír, sciar atá i bhfad os cionn mheán 20,6 % an Aontais. Cé go dtacaíonn méid áirithe solúbthachta le hinoiriúnaitheacht eacnamaíoch, tá an úsáid fhorleathan a bhaintear as fostaíocht sholúbtha tar éis deighilt mhargadh an tsaothair a dhoimhniú (i.e. margadh na bpost a roinnt ina chatagóirí éagsúla oibrithe a bhfuil leibhéil éagsúla slándála poist acu agus/nó rochtain ar shochair shóisialta agus ar shochair eile). Bíonn tionchar díréireach ar ghrúpaí leochaileacha, amhail oibrithe a bhfuil leibhéil níos ísle scileanna acu agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo, agus is minic a bhíonn dálaí fostaíochta forbhásacha rompu, lena n-áirítear rochtain theoranta ar oiliúint agus ar fhorbairt, cosaint shóisialta neamhleor, agus baol níos airde bochtaineachta lucht oibre agus eisiaimh shóisialta. Ní hamháin go gcuireann na dúshláin sin leis an neamhionannas deiseanna ach baineann siad an bonn den táirgiúlacht fhadtéarmach freisin. Chun cosaint a mhéadú agus chun cothrom iomaíochta níos fearr a chruthú d'fhostaithe, tá pacáiste athchóirithe á chur chun cinn ag an rialtas arb é is aidhm dó dreasachtaí don fhéinfhostaíocht agus don fhostaíocht sholúbtha a laghdú. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach árachas míchumais éigeantach do dhaoine féinfhostaithe a chur chun feidhme go tapa agus níos mó slándála poist a chur ar fáil dóibh siúd atá ag obair faoi chonarthaí fostaíochta solúbtha.

(33) Tá ganntanais saothair agus scileanna fós ina bpríomhdhúshlán san Ísiltír, rud a dhéanann difear d’earnálacha a bhaineann leis an dá aistriú agus le dúshláin shochaíocha amhail cúram sláinte, oideachas, teicneolaíocht agus TFC. Tá tosca struchtúracha fós mar bhonn taca faoi ghanntanais lucht saothair, amhail éileamh ard in earnálacha ísealtáirgiúlachta agus easpa soláthair mar gheall ar mheánlíon íseal na n-uaireanta a oibríodh, aosú. Cé go bhféadfadh sé dreasachtaí a chruthú don nuálaíocht coigilte saothair, tá an baol ann go gcuirfidh ganntanais leanúnacha bac ar fhás táirgiúlachta agus ar iomaíochas. Tá ráta ard rannpháirtíochta ag an Ísiltír, ach tá acmhainneacht saothair neamhshaothraithe fós ann i measc daoine a mbaineann cúlra imirceach leo agus oibrithe páirtaimseartha, go háirithe mná. Trí fheabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre is saoil, lena n-áirítear trí rochtain níos fearr ar chúram leanaí inacmhainne agus trí thallann a mhealladh i ngairmeacha a bhfuil ganntanais leanúnacha rompu, is féidir cuidiú leis an soláthar saothair a mhéadú. Tá deiseanna éagsúla uas-scilithe agus athscilithe ann, ach ní bhaineann daoine atá ar imeall mhargadh an tsaothair ach tairbhe theoranta astu. Tá dúshláin fós ann a bhaineann le cáilíocht post agus dálaí oibre d’oibrithe taistil agus imirceacha, go háirithe in earnálacha dlúthshaothair a bhíonn ag brath ar shocruithe solúbtha fostaíochta. D’fhéadfadh bearta beartais ar thaobh an éilimh díriú ar aghaidh a thabhairt ar spreagthaí struchtúracha na n-earnálacha dlúthshaothair ísealtáirgiúlachta, agus earnálacha ard-bhreisluacha agus earnálacha atá nasctha le dúshláin shochaíocha á gcur chun cinn ag an am céanna, amhail oideachas, cúram sláinte agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus soghluaisteacht trasearnála á spreagadh.

(34) Tá an meath ar bhunscileanna mac léinn san Ísiltír ina riosca d’iomaíochas an gheilleagair agus do thorthaí mhargadh an tsaothair. Tá méadú mór tagtha ar líon na dtearcghnóthachtálaithe sa mhatamaitic, san eolaíocht agus sa léitheoireacht le deich mbliana anuas. Is dúshlán fós é cothromas an oideachais, agus tá tearcghnóthachtáil i bhfad níos airde i measc mic léinn faoi mhíbhuntáiste ná i measc a bpiaraí. D’fhéadfadh an Ísiltír tacaíocht spriocdhírithe a neartú do scoileanna tearcfheidhmíochta, do dhaltaí a rugadh ar an gcoigríoch agus do dhaltaí a mbaineann cúlra imirceach leo. Tá laghdú tagtha ar ghanntanais múinteoirí ach tá siad fós suntasach agus bíonn tionchar acu ar thorthaí foghlama na ndaltaí. Chun gairm na múinteoireachta a dhéanamh níos tarraingtí agus chun cuidiú le múinteoirí a mhealladh agus a choinneáil, d’fhéadfadh an Ísiltír feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ar dhul chun cinn gairme, lena n-áirítear tríd an ualach riaracháin ar mhúinteoirí a laghdú agus trí chonairí gairme níos éagsúlaithe a spreagadh.

(35) Tá dúshláin struchtúracha roimh an Ísiltír maidir le bonn scileanna ETIM atá leathan go leor a fhorbairt. D’ainneoin rannpháirtíocht láidir sa ghairmoideachas agus san ardoideachas, tá sciar na gcéimithe i réimsí ETIM agus TFC fós réasúnta íseal ar fud an dá leibhéal oideachais, rud a chuireann srian méadaitheach ar tháirgiúlacht. Mar thoradh air sin, tá ganntanais leanúnacha i ngairmeacha teicniúla, go háirithe in earnálacha amhail tógáil, fuinneamh agus monaraíocht, atá ríthábhachtach don aistriú glas agus don aistriú digiteach, áit a bhfuil an t-éileamh ar scileanna speisialaithe fós níos mó ná an soláthar. Tá mná fós faoi ghannionadaíocht shuntasach i réimsí ETIM, agus is lú seans go saothróidh mic léinn a mbaineann cúlra imirceach leo conairí ETIM agus go ndéanfaidh tearcghnóthachtáil sna bunscileanna difear níos mó dóibh. Tá nasc idir na héagothromaíochtaí sin agus steiréitíopaí inscne agus neamhionannais níos leithne san oideachas, lena n-áirítear bearnaí san fheidhmíocht agus sa rochtain ar dheiseanna do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste. Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, tá gá le sásraí tacaíochta spriocdhírithe agus rochtain níos fearr ar ghairmthreoir chun rannpháirtíocht níos leithne i gconairí ETIM a spreagadh. Tá sé ríthábhachtach cuimsitheacht agus tarraingteacht na réimsí sin a fheabhsú chun an linn tallainne a leathnú, chun ganntanais scileanna a laghdú agus chun a áirithiú gur féidir leis an Ísiltír freagairt d’éilimh athraitheacha mhargadh an tsaothair.

(36) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bplean téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na hÍstiltíre, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh agus an tríú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moltaí (3) agus (4) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (5) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Ísiltír in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Cloí le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais a mhol an Chomhairle an [dáta]. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir. A áirithiú gur bearta sealadacha a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus go mbeidh siad dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. An cánachas ar chineálacha éagsúla ioncaim ó rachmas a ailíniú, lena n-áirítear deireadh a chur de réir a chéile le hin-asbhainteacht úis morgáiste. Bearta a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun deireadh a chur le bacainní ar thógáil teaghaisí nua trí nósanna imeachta pleanála agus ceadaithe a shimpliú. Tacú le forbairt na hearnála cíosa phríobháidigh inacmhainne, lena n-áirítear trí chíosanna rialáilte a athchalabrú. Aghaidh a thabhairt ar an méadú a mheastar a thiocfaidh ar chaiteachas a bhaineann le haois ar chúram fadtéarmach tríd an gcóras a dhéanamh níos costéifeachtaí.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. An dlús cur chun feidhme a choinneáil ar bun faoi chláir an bheartais comhtháthaithe lena dtógtar, i gcásanna inarbh iomchuí, ar an ath-leithdháileadh chuig tosaíochtaí straitéiseacha agus chuig na solúbthachtaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar an gcreat beartais comhtháthaithe.

3. Déine T&F phoiblí agus phríobháideach a fheabhsú trí thacaíocht a dhíriú ar infheistíochtaí i bpríomhtheicneolaíochtaí straitéiseacha agus ar éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha. Aghaidh a thabhairt ar an mbearna chistiúcháin do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, lena n-áirítear trí dhreasachtaí a chur ar fáil chun infheisteoirí institiúideacha a mhealladh. Tacú le FBManna nuálaíocht a dhéanamh agus teicneolaíochtaí nua a ghlacadh.

4. Laghdú a dhéanamh ar an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise trí dhlús a chur le leathadh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh agus trí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, go háirithe i bhfoirgnimh. Plódú eangaí leictreachais a laghdú trí acmhainneacht na heangaí tarchuir agus dáileacháin a mhéadú, réitigh sholúbthachta a chur chun feidhme, an trádáil thraschriosach a uasmhéadú, agus nósanna imeachta um cheadú a shimpliú a thuilleadh. Bearta struchtúracha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar shil-leagan iomarcach nítrigine agus ar mheath cháilíocht an uisce, agus aird ar leith á tabhairt ar thalmhaíocht inbhuanaithe.

5. Bearta a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun laghdú a dhéanamh ar dhreasachtaí chun conarthaí fostaíochta solúbtha nó sealadacha a úsáid. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna, lena n-áirítear trí leas a bhaint as acmhainneacht saothair tearcúsáidte agus trí spriocdhíriú méadaithe ar bhearta uas-scilithe agus athscilithe. Ath-leithdháileadh an tsaothair ar earnálacha ardtáirgiúlachta agus ar earnálacha a bhaineann le dúshláin shochaíocha a chur chun cinn, agus dálaí oibre agus maireachtála d'oibrithe taistil agus imirceacha a fheabhsú ag an am céanna. Feabhas a chur ar bhunscileanna na ndaltaí, lena n-áirítear trí ghairm an mhúinteora a dhéanamh níos tarraingtí agus trí thacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil do scoileanna faoi mhíbhuntáiste. Borradh a chur faoin rannpháirtíocht i gcláir ETIM.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*